2025/700

8.4.2025

CINNEADH (CBES) 2025/700 ÓN gCOMHAIRLE

an 7 Aibreán 2025

a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/512/CBES [1].

(2) An 24 Feabhra 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/394 [2], lenar leasaíodh Cinneadh 2014/512/CBES agus lenar tugadh isteach tuilleadh bearta sriantacha chun gníomhaíochtaí craoltóireachta san Aontas, nó atá dírithe ar an Aontas, a chur ar fionraí – gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eagraíochtaí meán áirithe a liostaítear i bpointe (3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2025/394. De bhun Airteagal 1, pointe (30) de Chinneadh (CBES) 2025/394, tá infheidhmeacht na mbeart sin i dtaca le ceann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí meán sin faoi réir cinneadh eile ón gComhairle.

(3) Tar éis di na cásanna faoi seach a scrúdú, chinn an Chomhairle gur cheart feidhm a bheith ag na bearta sriantacha dá dtagraítear in Airteagal 4g de Chinneadh 2014/512/CBES ón 9 Aibreán 2025 maidir leis na heintitis uile a liostaítear i bpointe (3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2025/394,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Beidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear in Airteagal 4g de Chinneadh 2014/512/CBES ón 9 Aibreán 2025 maidir leis na heintitis uile a liostaítear i bpointe (3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2025/394.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 7 Aibreán 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BARANOWSKI

---

[1] Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/512/oj).

[2] Cinneadh (CBES) 2025/394 ón gComhairle an 24 Feabhra 2025 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2025/394, 24.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/394/oj).